CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1533 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2023

maidir le haitheantas a thabhairt do cheanglais chóras bainistíochta comhshaoil Ecoprofit mar cheanglais a chomhlíonann ceanglais chomhfhreagracha na scéime um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 45(4) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 49 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sheol an Ostair iarraidh i scríbhinn chuig an gCoimisiún an 9 Bealtaine 2022 i gcomhréir le hAirteagal 45(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ar aitheantas a thabhairt don chóras bainistíochta comhshaoil ECOPROFIT (ÖKOPROFIT). Ina dhiaidh sin, sheol an Ostair faisnéis bhreise chun an fhianaise is gá a chur ar fáil don Choimisiún chun measúnú a dhéanamh ar choibhéis na gcodanna ábhartha den chóras bainistíochta comhshaoil Ecoprofit leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(2) Ar bhonn na hiarrata ón Ostair, rinne an Coimisiún measúnú ar choibhéis na gcodanna seo a leanas den chóras bainistíochta comhshaoil ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) le ceanglais chomhfhreagracha Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009: (i) tiomantas na hardbhainistíochta; (ii) an t-athbhreithniú bainistíochta; (iii) athbhreithniú comhshaoil a bhunú; (iv) beartas comhshaoil a bhunú; (v) comhlíonadh dlíthiúil a áirithiú; (vi) na cuspóirí agus an clár comhshaoil a bunaíodh chun feabhas leanúnach a áirithiú; (vii) an struchtúr eagraíochtúil (róil agus freagrachtaí), agus an oiliúint agus rannpháirtíocht na bhfostaithe; (viii) na ceanglais maidir le doiciméadacht; (ix) rialú oibriúcháin; (x) ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála; (xi) iniúchóireacht inmheánach agus gníomhaíocht cheartaitheach; (xii) cumarsáid (inmheánach agus seachtrach); (xiii) ceanglais chreidiúnaithe nó cheadúnaithe do na comhlachtaí deimhniúcháin.

(3) I bhfianaise fhreagrachtaí na hardbhainistíochta agus a rannpháirtíochta i ngach céim den chlár ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), ba cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Tiomantas na hardbhainistíochta' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcodanna A.5.1., A.5.2., agus B.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(4) I bhfianaise na heaspa athbhreithnithe bainistíochta nó na heaspa doiciméadachta ar an measúnú bainistíochta sa chlár ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Athbhreithniú Bainistíochta' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.9.3. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(5) Ós rud é, laistigh den chlár ECOPROFIT, go ndéantar na príomhghnéithe comhshaoil a shainaithint agus a anailísiú mar chuid den chomhairliúchán tosaigh (an chéad iniúchadh comhshaoil) ach nach gcuirtear na gnéithe comhshaoil indíreacha san áireamh go leordhóthanach sa chlár agus nach ndéantar gach eilimint atá ábhartha maidir le EMAS a mheas agus a dhoiciméadú, níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) 'Athbhreithniú comhshaoil a bhunú' a aithint ach i bpáirt mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus i gcuid A.6.1. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Go sonrach, ba cheart na

([1]) IO L 342, 22.12.2009, lch. 1.

codanna seo a leanas de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) 'Athbhreithniú comhshaoil a bhunú' a aithint mar chodanna coibhéiseacha: (i) an comhthéacs eagraíochtúil a chinneadh; (ii) na páirtithe leasmhara a shainaithint agus a riachtanais agus a n-ionchais iomchuí a chinneadh; (iii) na ceanglais dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol a shainaithint; (iv) meastóireacht ar aiseolas ón imscrúdú ar theagmhais roimhe seo; (v) rioscaí agus deiseanna a chinneadh agus a dhoiciméadú; (vi) próisis, cleachtais agus nósanna imeachta atá ann cheana a scrúdú. Mar sin féin, maidir le (vii) gach gné chomhshaoil dhíreach agus indíreach a shainaithint; agus (viii) measúnú ar thábhacht na ngnéithe comhshaoil, níor cheart iad a aithint mar chodanna coibhéiseacha.

(6) Ós rud é go socraíonn agus go bhfoilsíonn an ardbhainistíocht in ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) an beartas agus na treoirlínte comhshaoil lena leagtar síos prionsabail agus lena sainítear creat chun cuspóirí comhshaoil a shocrú, ba cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Beartas comhshaoil a bhunú' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.5.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(7) Ós rud é go gcuireann an córas ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) de cheangal ar eagraíochtaí an t-ábhar nó an fhianaise dhoiciméadach is gá a sholáthar lena léirítear go gcomhlíonann sé na ceanglais dlí uile is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol, ba cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Comhlíonadh dlíthiúil a áirithiú' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus i gcodanna A.6.1.3. agus B.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) Ós rud é go bhfuil an deis ag an eagraíocht i gclár leantach ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) feabhas leanúnach a chur ar oiriúnacht, leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras ECOPROFIT chun feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú agus go ndéanann saineolaithe ó choimisiún ECOPROFIT iniúchadh ar an bhfeabhsú leanúnach ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil gach bliain, ba cheart an chuid de ECOPROFIT a bhaineann le 'Cuspóirí agus clár comhshaoil a bunaíodh chun feabhas leanúnach a áirithiú' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.10.3. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, Airteagal 1 den Rialachán sin agus i gcuid B.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus in Airteagal 18(2), pointe (c), agus Airteagal 18(7), pointe (b), den Rialachán sin.

(9) Ós rud é, i gclár ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), go gceapann an ardbhainistíocht bainisteoir ECOPROFIT agus go bhfuil sé freagrach as córas ECOPROFIT a chur chun feidhme i gceart, go nglacann bainisteoirí ECOPROFIT páirt in oiliúintí agus ceardlanna tráthrialta maidir le feidhmíocht chomhshaoil na n-eagraíochtaí agus go bhfuil fostaithe uile na heagraíochta ar gach leibhéal páirteach sa scéim agus gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa scéim, ba cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Struchtúr eagraíochtúil, oiliúint agus rannpháirtíocht fostaithe' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.5.3. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, agus i gcuid A.7.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus in Airteagal 1 den Rialachán sin agus i gcuid B.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(10) Ós rud é go n-áirítear i dtuarascáil chomhshaoil ECOPROFIT doiciméadacht maidir le cuspóirí comhshaoil, gnéithe comhshaoil na heagraíochta agus liosta de na bearta a cuireadh chun feidhme, ach nach ndéantar na critéir a úsáidtear sa mheasúnú ar thábhacht na ngnéithe comhshaoil de chuid eagraíochta a dhoiciméadú, ná nach ndéantar na gnéithe comhshaoil indíreacha a dhoiciméadú, níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Ceanglais maidir le doiciméadacht' a aithint mar a bheith ailínithe leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus i gcodanna A.4.4, A.6.2.1. agus A.7.5. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(11) Ós rud é nach dtugtar aghaidh ar phleanáil oibríochtúil agus rianú oibriúchán le ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), nó nach dtugtar aghaidh orthu ach go páirteach leis, níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Rianú oibriúchán' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.6.1.agus 6.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(12) Ós rud é nach dtugtar aghaidh ar ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála, nó nach dtugtar aghaidh orthu ach go páirteach, le ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcuid A.8.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

(13) Ós rud é nach gcumhdaítear go hiomlán san athbhreithniú inmheánach neamhspleách ar chlár ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) an mheastóireacht ar fheidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta ná ar fheidhmíocht an chórais bainistíochta comhshaoil, níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Iniúchóireacht inmheánach agus gníomhaíocht cheartaitheach' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (b) agus (c), in Airteagal 6(2), pointe (a), agus in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, i gcodanna A.9.2., A.10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(14) Ós rud é nach gceanglaítear le clár ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) ar chuideachtaí faisnéis maidir le gnéithe comhshaoil nó príomhtháscairí a gcóras a fhoilsiú go seachtrach, níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Cumarsáid (inmheánach agus seachtrach)' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach i gcodanna A.7.4. agus B.7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(15) Ós rud é nach fíoraitheoir comhshaoil a dhéanann an fíorú ar eagraíocht ECOPROFIT (ÖKOPROFIT), níor cheart an chuid de ECOPROFIT (ÖKOPROFIT) a bhaineann le 'Ceanglais chreidiúnaithe nó cheadúnaithe do na comhlachtaí deimhniúcháin' a aithint mar choibhéis leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(5) agus Airteagail 6, 7, 18 go 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aithníonn an Coimisiún na codanna de scéim Ecoprofit a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo mar chodanna a chomhlíonann ceanglais chomhfhreagracha Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ('ceanglais EMAS').

Airteagal 2

Déanfar aon athrú ar scéim Ecoprofit a dhéanann difear don Chinneadh seo a thuairisciú don Choimisiún, ar bhonn bliantúil ar a laghad.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar an measúnú		
Ceanglais	Coibhéis	Gan choibhéis
1. **Tiomantas na hardbhainistíochta** (codanna A.5.1., A.5.2., agus B.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)	X	
2. **Athbhreithniú bainistíochta** (cuid A.9.3. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)		X
3. **Athbhreithniú comhshaoil a bhunú** (Iarscríbhinn I, agus i gcuid A.6.1. d'Iarscríbhinn II, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)		
(1) an comhthéacs eagraíochtúil a chinneadh	X	
(2) na páirtithe leasmhara a shainaithint agus a riachtanais agus a n-ionchais iomchuí a chinneadh	X	
(3) na ceanglais dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol a shainaithint	X	
(4) meastóireacht ar aiseolas ón imscrúdú ar theagmhais roimhe seo	X	
(5) rioscaí agus deiseanna a chinneadh agus a dhoiciméadú	X	
(6) próisis, cleachtais agus nósanna imeachta atá ann cheana a scrúdú	X	
(7) gach gné chomhshaoil dhíreach agus indíreach a shainaithint		X
(8) measúnú ar thábhacht na ngnéithe comhshaoil		X
4. **Beartas comhshaoil a bhunú** (cuid A.5.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)	X	
5. **Comhlíonadh dlíthiúil a áirithiú** [1] (Airteagal 4(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus codanna A.6.1.3. agus B.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin)	X	
6. **Na cuspóirí agus an clár comhshaoil a bunaíodh chun feabhas leanúnach a áirithiú** (cuid A.10.3. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, Airteagal 1 den Rialachán sin, cuid B.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, agus Airteagal 18(2), pointe (c), agus Airteagal 18(7), pointe (b) den Rialachán sin)	X	
7. **Struchtúr eagraíochtúil, oiliúint agus rannpháirtíocht fostaithe** (codanna A.5.3. agus A.7.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, Airteagal 1 den Rialachán sin, agus cuid B.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin)	X	
8. **Ceanglais maidir le doiciméadacht** (Airteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus codanna A.4.4., A.6.2.1. agus A.7.5. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin)		X
9. **Rialú oibriúcháin** (codanna A.6.1. agus 6.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)		X

10. **Ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandála** (cuid A.8.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)		X
11. **Iniúchóireacht inmheánach agus gníomhaíocht cheartaitheach** (Airteagal 4(1), pointí (b) agus (c), Airteagal 6(2), pointe (a), agus Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009, codanna A.9.2. agus A.10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin)		X
12. **Cumarsáid (inmheánach agus seachtrach)** (Codanna A.7.4. agus B.7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin)		X
13. **Ceanglais chreidiúnaithe nó cheadúnaithe do chomhlachtaí deimhniúcháin** (Airteagal 4(5), Airteagail 6, 7, 18 go 27 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009)		X

([1]) Tagraíonn an critéar seo do nósanna imeachta inmheánacha atá ann cheana chun comhlíonadh an dlí a shainaithint, a dhoiciméadú agus a áirithiú. Ní thagraíonn sé, áfach, don mheasúnú ar chomhlíonadh an dlí ag fíoraitheoir tríú páirtí a chumhdaítear faoi phointe 13 den mheasúnú seo.